Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Márta 2020**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0040(NLE)**

**6999/20**
**ADD 1**

**RECH 113**
**ATO 20**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 24 Márta 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 108 final - IARSCRÍBHINNÍ |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE **maidir le glacadh chlár taighde forlíontach 2020-2023 an imoibritheora ardfhlosca in Petten, a bheidh le cur chun feidhme ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 108 final - IARSCRÍBHINNÍ.

---

Faoi iamh: COM(2020) 108 final - IARSCRÍBHINNÍ

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.3.2020
COM(2020) 108 final

ANNEXES 1 to 2

**IARSCRÍBHINNÍ**

**a ghabhann leis an togra le haghaidh**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le glacadh chlár taighde forlíontach 2020-2023 an imoibritheora ardfhlosca in Petten, a bheidh le cur chun feidhme ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach**

**IARSCRÍBHINN I**

CUSPÓIRÍ EOLAÍOCHA AGUS TEICNIÚLA

Is iad seo príomhchuspóirí an chláir:

(1) a áirithiú go n-oibreofar an t-imoibritheoir ardfhlosca ar bhealach sábháilte agus iontaofa d'fhonn infhaighteacht an fhlosca neodróin a ráthú chun críoch turgnamh;

(2) a chur ar chumas institiúidí taighde úsáid éifeachtach a bhaint as an imoibritheoir ardfhlosca i raon leathan réimsí: feabhas a chur ar shábháilteacht na n-imoibreoirí núicléacha, na sláinte (lena n-áirítear forbairt iseatóp míochaine), an chomhleá núicléach, an taighde bhunúsaigh agus na hoiliúna agus an bhainistithe dramhaíola bhunúsaigh, lena n-áirítear an fhéidearthacht chun staidéar a dhéanamh ar na saincheisteanna sábháilteachta maidir le breoslaí núicléacha le haghaidh córais imoibritheora is díol suime don Eoraip.

**IARSCRÍBHINN II**

MIONDEALÚ NA RANNÍOCAÍOCHTAÍ

Is ón Ísiltír agus as an bhFrainc a thagann na ranníocaíochtaí leis an gclár.

Seo a leanas miondealú na ranníocaíochtaí:

An Ísiltír: EUR 26 654 000;

An Fhrainc: EUR 1 200 000;

Iomlán: EUR 27 854 000.

Íocfar na ranníocaíochtaí sin le buiséad ginearálta an Aontais agus sannfar iad don chlár seo. Féadfar a chumhdach freisin le sciar de na ranníocaíochtaí seo faoin gclár forlíontach reatha, caiteachas a dhéantar i leith oibriú an imoibritheora ardfhlosca le linn 2020 i gcomhréir leis an gclár oibre atá le comhaontú idir na tíortha rannpháirteacha agus an Coimisiún.

Tá na ranníocaíochtaí sin daingean agus ní féidir iad a leasú a mhéid a bhaineann le héagsúlachtaí sna costais oibríochta, cothabhála agus díchoimisiúcháin.